Bord Oideachais & Oiliúna
LUIMNIGH & AN CHLÁIR

LIMERICK & CLARE
Education & Training Board

# Tuarascáil Bhliantúil 2018





Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
Investing in Your Future
European Social Fund

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

# Clár na nÁbhar


Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach 3

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir -An Bord 5

Feidhm 5

Eitic 5

Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna 5

Cruinnithe an Bhoird 6

Dualgas Dearfach 6

Cód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna 6

Sonraí Ballraíochta 7

- Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 7
- Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe Choiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 8
- Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe Choiste Iniúchóireachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 8
- Speansais Chomhaltaí an Bhoird agus Freastal ar Chruinnithe 9

Seirbhísí Eagraíochtúla 10

Achoimre Airgeadais 13

Rannóg na Scoileanna 16

An Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna 21

An Fheidhm Oibre don Ógra 26

Aguisín 1 Soláthar agus Seirbhísí 29

## Réamhrá



Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2018. Is léargas ginearálta é an tuarascáil seo ar na seirbhísí a soláthraíodh agus an dul chun cinn a rinneadh in 2018 faoin gceithre sprioc a sonraíodh i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2017-2021. Is doiciméad ríthábhachtach é an Ráiteas Straitéise, ina rianaítear an treo atá beartaithe againn i leith ár bhfís a bhaint amach, is é sin "ról ceannais a bheith againn i soláthar oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin".

Is é 2018 an dara bliain dár straitéis cúig bliana, agus is léiriú é sin ar ár bhfís agus ár ndúthracht don oideachas mar ghné lárnach den fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus phearsanta. Sonraítear sa straitéis ceithre sprioc uaillmhianacha atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, mar atá:

1. Taithí Ardcháilíochta do Mhic Léinn agus d'Fhoghlaimeoirí
2. Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta
3. Dea-Rialachas
4. Comhpháirtíocht

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir tiomanta do na spriocanna sin a bhaint amach, agus rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leo in 2018, lenar áiríodh seoladh ár Straitéise TFC. Seoladh an chéad Phlean Oibre don Óige dár gcuid i mí na Bealtaine 2018. Is le linn na tréimhse 2018-2021 atá an Plean le cur i bhfeidhm, agus treoróidh sé obair Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i dtaca lena fheidhmeanna Oibre don Óige.

Le linn 2018, b'ionann Rollú Scoile Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus 35% de líon iomlán na ndaltaí iarbhunscoile a chláraigh sa réigiún. Le 12 mhí anuas, tá níos mó béime á cur ar fholláine daltaí agus phobal na scoile ina iomláine mar thoradh ar fhorbairt agus fhoilsiú *Ráiteas Beartais agus Creat Cleachtais um Fholláine 2018-2023* na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus an tús a cuireadh lena chur i bhfeidhm; is é aidhm an Ráitis agus Chreata sin timpeallachtaí foghlama a chruthú ina gcuirtear an tsláinte, an fholláine agus an fhorbairt phearsanta chun cinn. Tá bearta glactha chucu féin ag Rannóg na Scoileanna i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun na tionscnaimh nua Folláine a dhaingniú inár 18 n-iar-bhunscoil, agus chun tacú leo.

Ba gharsprioc shuntasach é 2018 ó thaobh athchóiriú leanúnach na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO) de, i dtreo córas BOaO níos straitéisí agus níos comhtháite. Comhaontaíodh creat náisiúnta i gcomhair próiseas nua plé straitéisigh a bheadh mar bhonn agus taca ag forbairt comhaontuithe um fheidhmíocht straitéiseach le SOLAS. Sa chomhaontú nua idir SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna) agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, leagtar amach an comhthéacs agus na tosaíochtaí straitéiseacha, mar aon leis an gcion atá á dhéanamh ag an Údarás, maidir le príomhspriocanna na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna a bhaint amach le linn na tréimhse 2018-2020. Le linn 2018, d'fhreastail an Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna ar 25,583 tairbhí, agus sholáthar siad 2,104 cúrsa in 300 suíomh pobail, nach mór.

Is cúis neamhchinnteachta é aistarraingt na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, agus is amhlaidh a bheidh athruithe ar an-chuid gnéithe de shaol na hÉireann dá bharr. Cuid mhaith de na socruithe atá i bhfeidhm ó thaobh an oideachais de, baineann siad leis an gComhlimistéar Taistil leis an Ríocht Aontaithe. I gcás gurb amhlaidh atá, níltear ag súil go mbeidh aon athruithe ar na socruithe sin, ach tuigeann an Bord go bhféadfadh tionchar a bheith ag Brexit ar ár n-oibríochtaí.

Ba mhian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí uile Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí agus leis an bhfoireann ar fud na heagraíochta as a ndúthracht agus a ndianobair leanúnach le linn na tréimhse 12 mhí seo caite.

George O'Callaghan
Príomhfheidhmeannach
Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

# Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir – An Bord

Feidhm Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Is iad feidhmeanna ginearálta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, mar atá luaite in Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, ná:

a) scoileanna aitheanta, ionaid oideachais nó áiseanna oideachais agus oiliúna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
b) nuair a ordóidh an tAire dóibh é sin a dhéanamh faoi *alt 20:*
    i. scoileanna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
    ii. ionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
    iii. ionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a chothabháil ina limistéar feidhme, agus
    iv. áiseanna oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme agus/nó acmhainní a sholáthar dóibh,

c) an soláthar oideachais agus oiliúna a phleanáil, a chur ar fáil, a chomhordú agus a athbhreithniú, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críche na fostaíochta, mar aon le seirbhísí tacaíochta leo ina limistéar feidhme:
    i. i scoileanna nó in ionaid oideachais aitheanta atá á gcothabháil acu,
    ii. in áiseanna oideachas nó oiliúna atá á gcothabháil acu nó a bhfuil acmhainní á sholáthar acu dóibh,
    iii. i scoileanna coinneála leanaí,
    iv. i bpríosúin, agus
    v. in áiseanna arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,

d) socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais nó oiliúna, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh, de réir *alt 22*,
e) scoláireachtaí a bhunú de réir *alt 24*,
f) ráiteas straitéise a ghlacadh de réir *alt 27*,
g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh de réir *alt 47*,
h) comhoibriú le haon chomhlacht a ainmneofar chun na feidhmeanna iniúchóireachta inmheánacha a dhéanamh faoi *alt 52*,
i) oideachas agus oiliúint a chur ar fáil ar iarratas ó, agus thar ceann, aon chomhlacht a mhaoiníonn oiliúint le hairgead a sholáthraíonn an tOireachtas don chomhlacht sin,
j) tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin, agus
k) measúnú a dhéanamh le féachaint an bhfuil an modh ina gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001

Ní mór do gach comhalta de Bhord Oideachas agus Oiliúna cloí le forálacha ábhartha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001. Foráiltear leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 go ndéanfadh sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus áititheoirí post ainmnithe fostaíochta i gcomhlachtaí poiblí atá forordaithe chun críocha na reachtaíochta Eitice, a leasanna inchláraithe a nochtadh. Ceanglaítear ar chomhaltaí an Bhoird agus ar bhaill foirne ainmnithe Nochtadh Leasanna a sholáthar gach bliain i dtaca le saincheisteanna a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar chomhlíonadh feidhmeanna.

Coistí na mBord Oideachais agus Oiliúna

Cuid 5 44.-(1) Faoi réir alt 45, d'fhéadfadh Bord Oideachais agus Oiliúna coistí a bhunú chun-

a) ceann amháin nó níos mó dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh a mheasann sé a d'fhéadfadh coiste a dhéanamh níos fearr nó níos áisiúla, nó
b) comhairle a chur air maidir le haon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus is féidir leis téarmaí tagartha a chinneadh agus nós imeachta aon choiste den sórt sin a rialáil.

(2) Ní bheidh coiste arna bhunú faoi fho-alt (1) comhdhéanta de níos mó ná 12 chomhalta agus d'fhéadfadh sé, faoi réir fho-alt (9) agus fho-alt (12)(c), a bheith comhdhéanta de bhaill nach bhfuil ina gcomhaltaí den bhord oideachais agus oiliúna lena mbaineann.

Cruinnithe an Bhoird

1. Sceideal 3: Mír 2 (1) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 - faoi réir fhorálacha na míre sin agus alt 31 - tionólfaidh gach bord oideachais agus oiliúna cibé cruinnithe agus an oiread sin cruinnithe, ag cibé amanna, agus sna háiteanna sin a mheasann sé a bheith cuí.
2. Sceideal 3: Mír 2 (2) Beidh cruinniú amháin ar a laghad ag gach bord oideachais agus oiliúna gach 2 mhí seachas i mí Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair.
3. Sceideal 3: Alt 2 (3) Beidh cruinniú amháin ar a laghad ag gach bord oideachais agus oiliúna le linn na tréimhse dar tosach an 1ú lá d'Iúil agus dar críoch an 30ú lá de Mheán Fómhair gach bliain.

Coinnítear miontuairiscí maidir le cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus glactar leo. Tá taifead de thinreamh gach comhalta maidir le freastal ar chruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, chomh maith le sonraí faoina gcuid speansas, ar fáil sa tuarascáil seo.

Dualgas Dearfach

Leagtar amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 an Dualgas Dearfach a éilítear ar Chomhlachtaí Poiblí, lena n-áirítear Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Agus a fheidhm á cur i ngníomh ag an údarás, is gá dó an méid seo a leanas a chur san áireamh:

1. Deireadh a chur le hidirdhealú
2. Comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn i gcás a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh
3. Cosaint chearta daonna a bhall, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh

Imlitir Uimh. 0018/2015 maidir le Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna

Is é an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 an reachtaíocht phríomhúil a mbíonn boird oideachais agus oiliúna á rialú aici, agus caithfear an tAcht sin a chomhlíonadh i gcónaí. Cé go leagtar síos treoirlínte maidir le déileáil le cásanna áirithe in Imlitir Uimh. 0018/2015 maidir le Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, ba cheart glacadh leis go príomha mar shraith chaighdeán do bhaill agus d'fhoireann an Bhoird. Táthar ag súil go gcinnteoidh na baill agus an fhoireann go mbeidh a gcuid gníomhaíochtaí i leith an Bhoird Oideachais agus Oiliúna á rialú i gcónaí ag fuarlitir agus ag spiorad na gcaighdeán sin. I gcás go roghnaíonn Bord gan cloí le forálacha an chóid, ba cheart míniú iomlán a thabhairt chun a léiriú cén fáth ar beartaíodh amhlaidh.

Cuireann an Cód Cleachtais creat ar fáil chun dea-chleachtas sa rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm sna boird oideachais agus oiliúna. Éilítear ar Bhoird a dhearbhú don Aire Oideachais agus Scileanna go gcomhlíonann siad riachtanais is déanaí an Chóid ina gcleachtais agus ina nósanna imeachta rialachais.

Ba cheart go mbeadh comhaltaí agus baill foirne na mBord Oideachais á dtreorú ag na prionsabail atá leagtha síos i ndoiciméad an Chóid Chleachtais maidir lena bhfreagracht a chomhlíonadh, lena chinntiú go bhfuil na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh ag baint lena ngníomhaíochtaí uile.

Bord Oideachais & Oiliúna LUIMNIGH & AN CHLÁIR
LIMERICK & CLARE Education & Training Board

## Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir: Ballraíocht 2018

| | | | |
|---|---|---|---|
| An tUas. | Sean | McMahon | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013)<br>Cathaoirleach (Lúnasa 2017 go dtí Meán Fómhair 2018) |
| An Clr. | Lisa Marie | Sheedy | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh:<br>Leas-Chathaoirleach (Lúnasa 2017 go dtí Deireadh Fómhair 2018) |
| An Clr. | Mary | Howard | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir<br>Cathaoirleach (Meán Fómhair 2018 ar aghaidh) |
| An Clr. | Marian | Hurley | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh<br>Leas-Chathaoirleach (Deireadh Fómhair 2018 ar aghaidh) |
| An tUas. | Joan | Aherne | Ionadaí Foirne |
| An tUas. | Tony | Brazil | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An tUas. | Michael | Cregan | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr. | Cathal | Crowe | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr. | Michael | Donegan | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An tUas. | Mary | Flanagan | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna (2013) |
| An Clr. | Liam | Galvin | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An tUas. | Catherine | Haren de Parra | Ionadaí Tuismitheora (D'fhág an Bord Iúil 2018) |
| An Clr. | Michael | Hillery | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An Clr. | Gabriel | Keating | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUas. | Gordon | Mewis | Ionadaí Foirne (chuaigh isteach in áit an Uas. Sean Kennedy) |
| An tUas. | Ann | Nicholas | Comhalta ó Chomhlachtaí de réir Alt 30 (11) (b) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna (2013) (chuaigh isteach in áit Mary Margaret Valance) |
| An Clr. | Ann | Norton | Údarás Áitiúil Chontae an Chláir |
| An tUas. | Dónal | Ó hAiniféin | Ionadaí Tuismitheora |
| An Clr. | Richard | O'Donoghue | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr. | Kieran | O'Hanlon | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |
| An Clr. | Elena | Secas | Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Luimnigh |

## Dátaí Cruinnithe Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2018

16 Eanáir 2018
20 Feabhra 2018
20 Márta 2018
17 Aibreán 2018
22 Bealtaine 2018
17 Iúil 2018
11 Meán Fómhair 2018
16 Deireadh Fómhair 2018
4 Nollaig 2018

Coiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Tá freagracht ar an gCoiste Airgeadais as athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam/caiteachas mhórchonarthaí na mBord Oideachais agus Oiliúna agus ar ghnéithe airgeadais na bpleananna oideachais agus seirbhíse.

Baill Choiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

An tUas. Tony Brazil - Cathaoirleach

An Clr. Liam Galvin

An Clr. Mary Howard

An Clr. Kieran O'Hanlon

An tUas. Fergus Dunne

Dátaí Cruinnithe Choiste Airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2018

20 Márta 2018

20 Meitheamh 2018

11 Meán Fómhair 2018

15 Samhain 2018

6 Nollaig 2018

Coiste Iniúchóireachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Tá Coiste Iniúchóireachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an bhFeidhmeannas maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna, agus soláthraíonn sé dearbhuithe don Choiste maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas rialaithe inmheánaigh.

Baill Choiste Iniúchóireachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Marion Collins – Cathaoirleach

An Clr. Marion Hurley

An Clr. Gabriel Keating

An tUas. Sean McMahon (Meán Fómhair go dtí Nollaig 2018)

An tUas. Declan Phillips

An tUas. Jimmy Browne

An tUas. Catherine (Kate) Haren De Parra (Eanáir go dtí Meitheamh 2018)

Dataí Cruinnithe Choiste Iniúchóireachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2018

23 Eanáir 2018

14 Feabhra 2018

2 Bealtaine 2018

13 Meitheamh 2018

16 Deireadh Fómhair 2018

8 Samhain 2018

5 Nollaig 2018

## Speansais Chomhaltaí an Bhoird agus Freastal ar Chruinnithe

Íoctar speansais le comhaltaí an Bhoird chun taisteal chuig cruinnithe a bhaineann leis an mBord. Sonraítear thíos na speansais chomhiomlána a íocadh le gach comhalta san 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2018:

| Comhalta Boird | Cruinnithe Reachtúla | Boird Agallaimh | Freastal ar Chomhdhálacha/Seimineáir | Airgeadas/ An Coiste Iniúchóireachta | Cruinnithe an Bhoird Bainistíochta | Iomlán | Líon na gCruinnithe Boird ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | |
| An tUas. Joan Aherne*** | 105 | - | 907 | - | 35 | 1,046 | 10/10 |
| An tUas. Tony Brazil | - | - | - | 3,743 | - | 3,743 | 9/10 |
| An tUas. Michael Cregan | 122 | - | 131 | - | - | 254 | 7/10 |
| An Clr. Cathal Crowe | - | - | - | - | 15 | 15 | 4/10 |
| An Clr. Michael Donegan | 164 | - | - | - | - | 164 | 8/10 |
| An tUas. Mary Flanagan | 463 | 33 | - | - | 191 | 688 | 9/10 |
| An Clr. Liam Galvin | 170 | - | - | 143 | 82 | 395 | 5/10 |
| An tUas. Catherine (Kate) Haren De Parra | 319 | - | 350 | 255 | 148 | 1,072 | 5/10 |
| An Clr. Michael Hillery | 26 | - | - | - | 366 | 392 | 5/10 |
| An Clr. Mary Howard* | 343 | 7,356 | 491 | 35 | 215 | 8,440 | 8/10 |
| An Clr. Marian Hurley | - | 1,717 | - | - | - | 1,717 | 7/10 |
| An Clr. Gabriel Keating | 993 | - | 1,276 | 280 | 72 | 2,620 | 7/10 |
| An tUasal Gordon Mewis | - | - | - | - | - | - | 8/10 |
| An tUas. Sean McMahon** | 5,577 | 1,170 | 1,847 | 228 | 11 | 8,834 | 8/10 |
| An tUas. Ann Nicolas | - | - | - | - | - | - | 6/10 |
| An Clr. Ann Norton | 307 | 6,815 | - | - | 54 | 7,176 | 7/10 |
| An Clr. Richard O'Donoghue | - | - | - | - | 17 | 17 | 5/10 |
| An tUas. Dónal Ó hAiniféin | - | - | - | - | - | - | 4/10 |
| An Clr. Kieran O'Hanlon*** | 145 | 5,089 | 3,824 | 17 | 18 | 9,092 | 8/10 |
| An Clr. Elena Secas | 30 | - | - | - | - | 30 | 8/10 |
| An Clr. Lisa Marie Sheehy | 504 | - | - | - | - | 504 | 7/10 |
| Iomlán | €9,269 | €22,179 | €8,827 | €4,700 | €1,222 | €46,198 | |

| | |
|---|---|
| * An Clr. Mary Howard | Cathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir Meán Fómhair 2018 go 2018 |
| ** An tUas. Sean McMahon | Cathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir Eanáir 2018 go dtí Meá agus ionadaí BOO ar IPB (Irish Public Bodies Mutual Insurances Ltd) |
| *** An tUas. Joan Aherne | Fóram Comhaltaí Cúltaca Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann Meán Fómhair 2018 go dtí N |
| *** An Clr. Kieran O'Hanlon | Fóram Comhaltaí Cúltaca Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann Eanáir 2018 go dtí Lúnasa 2 |

# Seirbhísí Eagraíochta

Sa bhliain 2018, chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir tús le Bliain 2 dá Ráiteas Straitéise 5 bliana, ina leagtar síos treoir shoiléir do sholáthar oideachais agus oiliúna, obair don óige agus feidhmeanna reachtúla eile an údaráis sna chéad 4 bliana amach romhainn go dtí 2021. Leagtar béim sa ráiteas straitéise seo ar an ról a bheidh ag an údarás maidir le comhlíonadh riachtanas pearsanta, sóisialta, eacnamaíochta agus infhostaitheachta an phobail a bhfreastalaíonn sé orthu. Tá an t-údarás fós tiomanta feabhas leanúnach a dhéanamh ar a chuid seirbhísí i gcomhthéacs Chlár Athchóirithe Seirbhísí Poiblí an Rialtais. Laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, déanann an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta maoirsiú ar bhainistiú acmhainní Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sna Rannóga Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadais, TFC, agus Caipitil agus Soláthair.




Is é ról na Stiúrthóireachta um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta ná a bheith i gceannas ar chur i bhfeidhm tionscnamh riaracháin agus straitéiseach na heagraíochta (struchtúir, beartas, córais, tionscnaimh agus idirghabhálacha), a fheabhsóidh cumas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, na ceithre sprioc a bhaint amach a bhfuil achoimre orthu sa Ráiteas Straitéise, agus dea-chleachtas a chinntiú i dtéarmaí Rialachas Corparáideach an Bhoird. Déantar é seo i gcomhar le Stiúrthóirí Scoileanna agus rannóga Breisoideachais agus Oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.




Is ag obair ar gach ceann ar leith den 4 sprioc a bhíonn an fheidhm Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta, agus é mar aidhm acu tuilleadh luacha a chur le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus chuige sin, níos mó feabhais a chur ar na beartais, córais agus próisis rannpháirtíochta fhónta a chinntíonn go bhfuil an

Bord ag comhlíonadh na reachtaíochta, ag mealladh agus ag coinneáil baill foirne ardchaighdeáin, ag léiriú rialachas den scoth agus ag tacú le fís an Bhoird a bhaint amach mar atá sainithe sa Ráiteas Straitéise. Is é dúthracht thiomanta fhoireann Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir is cúis le rath an Bhoird ó rinneadh an cónascadh in 2013. Ceann de na príomhthéamaí a d'eascair as an bpróiseas comhairliúcháin chun Ráiteas Straitéise an Bhoird a fhorbairt ná an tábhacht a bhaineann le timpeallacht oibre thacúil, chomhoibríoch, shlán, shláintiúil a sholáthar don fhoireann uile. Tá an téama sin le feiceáil i *Sprioc Straitéiseach 2 – Tacaíocht Foirne agus Forbairt Eagraíochta.* Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir de bheartais agus nósanna imeachta ábhartha a fhorbairt agus a nuashonrú le linn 2018 lena chinntiú go mbeadh an reachtaíocht ábhartha, an dea-chleachtas, an tseirbhís do chustaiméirí agus an rialachas corparáideach á gcomhlíonadh acu. Ghlac Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir leis na beartais seo a leanas in 2018:

| Beartas |
|---|
| • Beartas Cosanta Sonraí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir<br>• Prótacal Sáraithe ar Shonraí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir<br>• Beartas TFC Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir<br>• Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2017<br>• Nós imeachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun Gearáin a Phróiseáil arna ndéanamh ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí Daltaí ná Foghlaimeoir(í) Aosach(a) atá rollaithe faoi láthair i Scoil/Ionad de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gcoinne ball Foirne atá fostaithe ag an mBord |

Rinneadh dul chun cinn maith le linn 2018, agus cuireadh clár feabhsúchán pleanáilte i bhfeidhm, lena n-áirítear réitigh ríomhghnó a aithint agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis reatha. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir fós tiomanta feabhas leanúnach a dhéanamh ar a chuid seirbhísí i gcomhthéacs Chlár Athchóirithe Seirbhísí Poiblí an Rialtais agus an chreata beartais atá sonraithe in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*. D'oibrigh Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar roinnt príomhthéamaí agus tionscnamh le linn 2018, lena n-áirítear:

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC): Sheol Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a Straitéis TFC go foirmiúil i Márta 2018. Is treochlár é an straitéis seo chun úsáid TFC i gcleachtais teagaisc, foghlama agus riaracháin ar fud na heagraíochta a fheabhsú sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Is é aidhm na Straitéise TFC seo bearta a shainaithint agus plean a dhéanamh chun na bearta sin a chur i bhfeidhm le feabhas a chur ar na seirbhísí atá á dtairiscint ag an údarás. Is fís réadúil é an Straitéis TFC d'fhorbairt, d'fheabhsú agus de chomhtháthú TFC ar fud na heagraíochta. Tá príomhtháscairí feidhmíochta straitéiseacha tábhachtacha á gcur i bhfeidhm go héifeachtúil faoi láthair. Ós rud é go bhfuil athruithe suntasacha tarlaithe san Earnáil Oideachais agus Oiliúna le blianta beaga anuas, leagtar béim nach beag sa phlean ar leas a bhaint as TFC chun cabhrú leis an bpróiseas athraithe agus chun tacú leis.

An Dlí agus Comhlíonadh: D'éirigh go maith leis an oiliúint aghaidh ar aghaidh a reáchtáil Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus lena hais sin, chuir siad córas oiliúna ar líne i bhfeidhm le haghaidh na foirne uile faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018. Is cuid den oiliúint ionduchtúcháin le haghaidh gach baill foirne é an fhaisnéis faoi GDPR. Léirítear comhlíonadh ar bhonn leanúnach, agus bíonn athbhreithniú i gcónaí á dhéanamh ar an mBeartas um Chosaint Sonraí, an Beartas Coinneála Taifead, an Beartas Sáraithe ar Shonraí, agus ráitis phríobháideachais le haghaidh na foirne/na mball/na bhfoghlaimeoirí/na ndaltaí. Ba shuntasach an obair é seo, i bhfianaise líon na foirne (2,500) agus líon na bhfoghlaimeoirí a bhaineann leas as seirbhísí an údaráis (35,266). Le linn 2018, d'éirigh le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir leas a bhaint as seirbhísí Cuideachta Bainistithe Taifead chun taifid a stóráil. Bhí 21 iarratas rochtana ar shonraí ag an údarás in 2018.

Rinneadh an Beartas Bainistithe Riosca Chorparáidigh a fhaomh in 2017, agus bunaithe air sin, ullmhaíodh plean gnó ina sonraítear tiomantas Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir do chlár riosca a sholáthar, ina léirítear Tacaíocht Eagraíochta, Breisoideachas agus Oiliúna, agus Scoileanna. Éascaíodh oiliúint i gcomhair

na mbainisteoirí i ngach rannán agus bunaithe air sin, réitíodh an Clár Riosca Chorparáidigh foriomlán don athbhreithniú iniúchóireachta.

I ndáil le Saoráil Faisnéise, fuair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 10 n-iarratas FOI. Ba ó Iriseoirí, Grúpaí Sainleasa, Baill Foirne agus Tuismitheoirí a bhí na hiarratais sin. Ceadaíodh 8 n-iarratas, diúltaíodh do cheann amháin, agus níor glacadh le ceann amháin mar nach raibh aon taifid ann ina leith. Fuair Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir Nochtadh Cosanta líomhnaithe amháin, ach measadh nár tháinig sin faoi théarmaí an Achta um Nochtadh Cosanta 2014.

Ceisteanna Árachais agus Dlí: Is é an rannóg Seirbhísí Corparáideacha a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil don fhoireann uile ar fud na heagraíochta i ndáil le haon cheisteanna dlíthiúla a thagann chun cinn, chomh maith le héilimh fhéideartha agus éilimh i dtaca le díobháil phearsanta.

Sláinte agus Sábháilteacht: Tá sé mar aidhm ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, bunaithe ar rialú rioscaí agus ar bheartas leanúnach um mhaolú rioscaí, a chinntiú go seachnaítear timpistí/teagmhais agus neastimpistí, agus ar an gcaoi sin, déantar sábháilteacht, sláinte agus leas na mball foirne, na mac léinn agus na gconraitheoirí a chosaint i gcás gur ag dul isteach i bhfoirgneamh Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar chúis ar bith atá siad. Rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 5 thimpiste a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta le linn 2018. Faoi láthair, tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag iarraidh uirlis comhlíonta Sláinte agus Sábháilteachta a fháil.

Scéim Teanga: Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir treoraithe ag na prionsabail a eascraíonn as Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus tá siad tiomanta na hoibleagáidí bainteacha a chur i bhfeidhm.

Acmhainní Daonna: Rinne Rannóg Acmhainní Daonna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir earcú agus roghnú 199 post a bhainistiú in 2018, agus lena linn sin, cloíodh leis an dea-chleachtas agus freastalaíodh ar na hoibleagáidí reachtúla. Anuas air sin, soláthraíodh réimse seirbhísí a bhain le hAcmhainní Daonna mar thacaíocht do na foirne uile sna Scoileanna, sna hIonaid agus sa Cheannoifig. Bhí cuid mhaith athruithe ar an Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna in 2018 freisin, mar thoradh ar na printíseachtaí nua a tugadh isteach agus méadú ar an éileamh ar phrintísigh reatha. Tá páirt mhór á glacadh ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir in earcú Teagascóirí printíseachta chun freastal ar an éileamh reatha agus ar an éileamh atá ag teacht chun cinn. Tá gealltanas ann ar bhonn náisiúnta, 50,000 printíseacht agus áit ar chúrsaí oiliúna gairme a bheith ar fáil faoin mbliain 2020. Agus iad ag díriú ar Scileanna don Gheilleagar agus ag cinntiú go bhfreastalófaí ar riachtanais na n-earnálacha gnó agus tionscail in 2018, bhí baint ag Acmhainní Daonna le hearcú foirne chun soláthar píblíne a chruthú a d'fhreagródh don riachtanas, daoine fostaithe a uas-sciliú, agus chuige sin, thug siad isteach roinnt mhaith cúrsaí sna réimsí úd inar sainaithníodh easnaimh scileanna.

Tugadh 30 post freagrachta breise dár n-iar-bhunscoileanna in 2018. Rinne Acmhainní Daonna an próiseas earcaíochta inmheánach sin a bhainistiú, agus treisíodh na foirne ceannaireachta agus bainistíochta inár Scoileanna dá bharr, agus béim á leagan ar na caighdeáin is airde i ndáil le torthaí oideachais a bhaint amach do mhic léinn chun go gcothófaí timpeallacht a bhfuil ardcháilíochta cúraim do mhic léinn, san fhoghlaim agus sa teagasc ina bunchloch di.

Seirbhísí Comhroinnte: Táthar ag leanúint den chreat oibre náisiúnta um sheirbhísí comhroinnte do Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt, agus clúdóidh sin na feidhmeanna párolla agus airgeadais. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir dá ullmhú féin don aistriú sin. Is déchóras airgeadais atá fós á úsáid ag an údarás, agus tá sin amhlaidh ó aistríodh na hIar-Ionaid Oiliúna SOLAS sa Ráithín agus i Sionainn go dtí Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ar an 1 Iúil 2014.

Caipiteal agus Soláthar: Le linn 2018, shínigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Meabhrán Tuisceana leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) ina leagadh amach an caidreamh idir OGP agus an earnáil. Tá tuilleadh oibre

déanta chun gur féidir seirbhís chomhroinnte soláthair ar fud na hearnála a chur ar fáil don earnáil Oideachais agus Oiliúna, ach go mbeifí san am céanna fós in oiriúint do shamhail na hOifige um Sholáthar Rialtais. Anuas ar fhorbairt Creataí Ilsoláthraí faoi choinne gnáthsholáthairtí agus seirbhísí a cheannach, rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir tuilleadh dul chun cinn le linn 2018 maidir le cuid mhaith mórthionscadal bonneagair, lenar áiríodh tús a chur le hoibreacha i Samhain 2018 ar fhoirgneamh scoile nua i gColáiste Chiaráin, Cromadh. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ag obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) agus le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun an tionscadal Treoirscéime Éifeachtúlachtaí Fuinnimh i Scoileanna 2018 a chomhordú, agus béim á leagan ar athfheistiú fuinnimh i scoileanna éagsúla ar fud na tíre.

Straitéis Airgeadais: Is é cuspóir na Feidhme Airgeadais tacaíocht a thabhairt don Bhord chun na cuspóirí atá leagtha síos sa phlean seirbhíse a bhaint amach laistigh den bhuiséad. Áirítear leis an tacaíocht airgeadais rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheart, cuntasacht reachtúil agus tacaíocht maidir le cinnteoireacht.

Cuntasacht Reachtúil: Baineann ceanglais dhaingne chuntasachta le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Áirítear leis na ceanglais sin ullmhú cuntas bliantúil i bhformáid atá forordaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, mar aon leis an iniúchadh a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais. Tá córais rialaithe airgeadais i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais sin agus go mbainfear cuspóirí amach go héifeachtach.

Foinsí Maoinithe: Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna go príomha a thugann maoiniú do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun a chláir dara leibhéal a chur ar fáil, agus is iad SOLAS agus an Roinn Oideachais agus Scileanna a chuireann maoiniú ar fáil dó le haghaidh soláthar Breisoideachais agus Oiliúna. Fuarthas maoiniú le haghaidh tionscadail áirithe ó Ranna agus ó Ghníomhaireachtaí Rialtais Éireann eile freisin in 2018, lena n-áirítear:

- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
- An tAontas Eorpach
- Tiomsaítear airgead freisin trí mhuirir a ghearradh ar sheirbhísí amhail táillí teagaisc, seomraí a ligean ar cíos agus gníomhaíochtaí ar leibhéal áitiúil

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh gach bliain ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus cuireann seisean tuarascáil ar mhaoirseacht airgeadais an Bhoird faoi bhráid an Oireachtais. B'fhiú €155,032,534 fáltais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2018. As na fáltais uile in 2018, ba i ndáil leis an gClár Caipitil a bhí €20,025,211 díobh.

Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh: De réir scálaí pá a cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna, íocadh €129,417 leis an bPríomhfheidhmeannach (gan ÁSPC an Fhostóra a áireamh) sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018. Fuair an Príomhfheidhmeannach speansais taistil intíre de €10,866 in 2018 agus rinne sé taisteal thar lear chun críocha ghnó Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir le linn 2018, a bhfuair sé speansais taistil eachtraigh de €992 ina leith. Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de scéim pinsin neamhmhaoinithe le sochar sainithe de chuid na hearnála poiblí, agus ní mó na teidlíochtaí pinsin ná na teidlíochtaí caighdeánacha atá ar fáil faoin scéim.

# Achoimre Airgeadais
# don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018 *

| | Bliain dar críoch 31/12/2018 | Bliain dar críoch 31/12/2017 |
|---|---|---|
| FÁLTAIS | € | € |
| Deontais d'Iar-Bhunscoileanna & don Cheannoifig | 73,043,028 | 69,177,687 |
| Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna | 52,714,476 | 52,376,515 |
| Deontais i leith Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | - | 3,000 |
| Deontais i leith Seirbhísí don Óige | 2,678,924 | 2,462,327 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe | 6,570,895 | 6,567,253 |
| Deontais Chaipitil | 20,025,211 | 12,932,614 |
| | 155,032,534 | 143,519,396 |
| ÍOCAÍOCHTAÍ | | |
| Iar-Bhunscoileanna & an Cheannoifig | 73,085,181 | 68,681,782 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 52,931,937 | 50,469,225 |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | - | - |
| Seirbhísí don Óige | 2,686,244 | 2,427,456 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe | 6,516,640 | 6,645,928 |
| Caipiteal | 17,286,503 | 12,597,936 |
| | 152,506,505 | 140,822,327 |
| Barrachas / (Easnamh) Airgid Thirim don Tréimhse | 2,526,029 | 2,697,069 |
| Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile | (2,414,359) | (3,006,967) |
| Barrachas / (Easnamh) Fabhraithe Ioncaim don Tréimhse | 111,670 | (309,898) |
| Barrachas / (Easnamh) Ioncaim amhail ar an 1 Eanáir | (389,927) | (80,029) |
| Barrachas / (Easnamh) Ioncaim amhail ar an 31 | (278,257) | (389,927) |

Nollaig

* Tabhair do d'Aire: Tabhair do d’aire go bhfuil Ráiteas Oibriúcháin Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ag tráth foilsithe Thuarascáil Bhliantúil 2018 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

# Rannóg na Scoileanna

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir freagrach as 18 n-iar-bhunscoil i Luimneach agus an Clár a bhainistiú agus a reáchtáil (chomh maith le Coláiste Iar-Ardteistiméireachta tiomnaithe amháin, Coláiste Breisoideachais Luimnigh, a mhaoinítear trí Rannóg Iar-Bhunscolaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna). Chomh maith leis na hiar-bhunscoileanna a bhainistiú, tá an rannóg freagrach as Seirbhísí Oibre don Óige agus as an Oideachas Allamuigh. Le linn 2018, b'ionann Rollú Scoile Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus 35% de líon iomlán na ndaltaí iarbhunscoile a chláraigh sa réigiún. Cuireann scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir timpeallacht fháilteach ionchuimsitheach ar fáil, tá siad tiomanta don bharr feabhais sa teagasc agus sa bhfoghlaim, léiríonn siad ceannaireacht láidir i scoileanna, mar aon le cultúr scoile a chuireann fáilte roimh gach duine, agus is tiomantas dá chuid é a chinntiú go mbainfidh na mic léinn uile barr a gcumais amach.

Oibríonn Rannóg na Scoileanna go dlúth leis an bhfeidhm Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta agus leis na Rannóga Breisoideachais agus Oiliúna chun na ceithre spriocanna a chur i bhfeidhm de réir mar atá sonraithe i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2017-2021. Is iad sin:




Is é aidhm fhoriomlán Rannóg na Scoileanna ná luach a chur le scoileanna aonair Boird Oideachais agus Oiliúna, agus chuige sin, réimse tacaíochtaí a sholáthar chun tuilleadh feabhais a chur ar eispéireas agus torthaí an mhic léinn. Baintear é sin amach i gcomhairle le Príomhoidí, trí réimsí tosaíochta a shainaithint, trí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chórasacha ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus freisin trí chomhpháirtíocht leis na príomhsholáthraithe ó sheirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna, amhail an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Foireann na Sraithe Sóisearaí, an Chomhairle Náisiúnta um Riachtanais Speisialta Oideachais, agus comhlachtaí eile ábhartha. Cuireann Rannóg na Scoileanna tacaíochtaí ar fáil ar bhonn dhá phríomhcholún um sholáthar seirbhísí, mar atá, *Foghlaim agus Teagasc Ardcháilíochta* agus *Tacaíocht do Mhic Léinn agus don Fhoireann*, agus cuimsítear an méid seo a leanas in obair an dá phríomhcholún sin:

- Creat um beartas ionchuimsitheach a fhorbairt dár mic léinn
- Comhairle agus tacaíocht maidir le pleanáil curaclaim agus oideachais
- Tacaíocht agus treorú a fháil ó fhoirne tacaíochta do mhic léinn
- Achomhairc faoi Alt 29
- Próiseas gearán do thuismitheoirí
- Tacaíocht i dtaca le Féinmheastóireacht Scoile, Pleananna Feabhsúcháin Scoile agus DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna)

- Tacú le scoileanna maidir le cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta do Scoileanna na Roinne Oideachais agus Scileanna - *Ag Breathnú ar an Scoil Againne (LAOS)*
- Tacaíocht do mhic léinn i mbaol
- Tacú le glór na Mac Léinn agus na dTuismitheoirí
- Oiliúint agus tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta

Tugann Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir tacaíocht do scoileanna aonair chun a ról i bpobail a fheabhsú ar bhonn comhoibriú agus cumarsáid mhéadaithe leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear daltaí, tuismitheoirí, agus eagraíochtaí áitiúla spóirt, pobail agus deonacha. Is iad seo a leanas na cláir atá á dtairiscint in iar-bhunscoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir:

- An Teastas Sóisearach
- Cláir Idirbhliana
- An Ardteistiméireacht
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta
- Cláir Ardteistiméireachta Feidhmí

Áirítear ar na hábhair atá ar fáil ar churaclam na scoileanna eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, matamaitic (STEM), teangacha, daonnachtaí agus ealaíona ar an leibhéal Sóisearach agus an leibhéal Sinsearach araon. Dírímid ar fhorbairt iomlánaíoch ár ndaltaí agus ar an ábhar sin, spreagaimid iad chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, lena n-áirítear spórt, drámaíocht, ceol, eolaíocht, fiontraíocht, díospóireacht agus tionscadail ilmheán. Tá cohórt suntasach mac léinn iarbhunscoile fós á mealladh chuig scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus amhail i Meán Fómhair 2018, bhí 9,683 cláraithe san iomlán.

| Líon ar an Rolla i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir: 30 Meán Fómhair 2018 agus Líon Tuartha Mheán Fómhair 2019 | | | |
|---|---|---|---|
| Uimh. an Rolla | Scoil | Iarbhír 30/09/18 | Tuartha 30/09/19 |
| 70830N | Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir | 503 | 503 |
| 70840Q | Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir | 260 | 260 |
| 70860W | Coláiste Pobail Chill Michíl, Cill Michíl, Co. an Chláir | 228 | 230 |
| 70880F | Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir | 138 | 139 |
| 70900I | Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir | 414 | 440 |
| 70901K | Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua, Co. an Chláir | 570 | 570 |
| 71700F | Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh | 403 | 415 |
| 71790J | Coláiste Dheasmhumhain, An Caisleán Nua, Co. | 341 | 380 |
| 71840V | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh | 791 | 688 |
| 71850B | Coláiste Collchoille, Drom Collachair, Co. Luimnigh | 532 | 573 |
| 71930W | Coláiste Breisoideachais Luimnigh, Luimneach | 1116 | 1093 |
| 76061W | Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh | 471 | 495 |
| 76070A | Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh | 418 | 437 |
| 76073G | Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Co. | 1210 | 1212 |
| 76075K | Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. an | 226 | 264 |
| 76093M | Coláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh | 707 | 689 |
| 76101I | Gaelcholáiste Luimnigh, Meal Síor Anraí, Luimneach | 635 | 656 |
| 76414G | Coláiste Pobail Thuamhain, Páirc Mhaoilis, Luimneach | 504 | 540 |
| 76476F | Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh | 216 | 363 |
| | IOMLÁN | 9683 | 9947 |

Buaicphointí le linn 2018

Cruinniú Fhóram na bPríomhoidí: Is é ról Sheirbhísí Oideachais Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ná luach a chur leis an obair atá déanta cheana féin ag scoileanna ar fud ár bpobail. Tá roinnt mhaith meitheal oibre ann freisin, a chuireann obair Fhóram na bPríomhoidí chun cinn idir cruinnithe. Mar chuid den phróiseas sin, tugadh faoi roinnt ábhar a phlé, lena n-áirítear pleanáil oideachais, socrú amchláir agus pleanáil curaclaim don tSraith Shóisearach nua, teagmhais chriticiúla i scoileanna a bhainistiú, Bainistiú Riosca, Forbairt Beartais, na Treoirlínte Tús Áite do Leanaí, an tAcht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018, agus Imlitir 03/2018 Ceannaireacht agus Bainistíocht in Iar-Bhunscoileanna.

An Creat um Cheannas ar an bhFoghlaim agus an Teagasc: Tá an Creat um Cheannas ar an bhFoghlaim agus an Teagasc fós ag tacú le scoileanna maidir le caighdeán na n-eispéireas foghlama a bhíonn ag ár mac léinn a fheabhsú. Rinneadh 90 cuairt aonair ar scoileanna, lenar áiríodh tacaíocht don Fhéinmheastóireacht Scoile, Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS), agus cuireadh an creat cáilíochta do scoileanna, Ag Breathnú ar an Scoil Againne (LAOS), ar fáil do gach scoil. Rinneadh seisiúin a éascú do Cheannairí Curaclaim i scoileanna an údaráis ar an 19 Eanáir agus an 21 Meán Fómhair chun tacú le dea-chleachtas a roinnt agus le líonrú. Cuireadh seisiún oiliúna d'oiliúnóirí ar fáil do Cheannairí Curaclaim nua agus freisin do Chomhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais ar an Aoine 14 Meán Fómhair.

Iniúchadh ar an gCeannaireacht: Is gné lárnach é an coincheap múinteoirí mar cheannairí d'eispéiris agus torthaí oideachasúla na mac léinn a fheabhsú. Tá fianaise de sin freisin i bhfoilseachán na Roinne Oideachais agus Scileanna, An Creat Cáilíochta do Scoileanna Ag Breathnú ar an Scoil Againne (LAOS). Mar fhreagairt dó sin, tugadh deis do 120 múinteoir ar fud ár 18 scoil páirt a ghlacadh in dá cheardlann ina ndearnadh iniúchadh ar an gceannaireacht i Márta/Aibreán, agus arís i Meán Fómhair mar go raibh liosta feithimh ann don chlár. Ba é Stiúrthóir na Scoileanna a d'fhorbair ábhar na ceardlainne agus a chuir i láthair é, le cabhair ó fhoghrúpa Príomhoidí a labhair go toilteanach faoina n-eispéiris cheannaireachta féin. Is gné lárnach de sheirbhísí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir é an fhorbairt ceannaireachta, agus is amhlaidh a bheidh amach anseo.

Teagasc Oideachais Speisialta: I mí Mheán Fómhair 2017, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Samhail nua Teagaisc Oideachais Speisialta isteach de bhun Imlitir 0015/2017. Imíonn an tsamhail leithdháileacháin ar shiúl ón riachtanas go mbeadh measúnú síceolaíochta ar mhic léinn go dtí córas ina leithdháiltear na hacmhainní ar na mic léinn is mó a bhfuil na hacmhainní sin riachtanach dóibh. Cuireadh meitheal ar bun in 2017 chun cabhrú le scoileanna agus iad ag aistriú go dtí an tsamhail nua. Rinneadh sé cinn de scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a phiocadh amach chun an tsamhail leithdháileacháin nua a thástáil. Lena hais sin, tá scoileanna an údaráis tar éis dul isteach i líonra Comhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais Choláiste Mhuire gan Smál, a éascaíonn an Dr Johanna Fitzgerald, agus tá feabhas leanúnach á chur ar chlár forbartha gairmiúla leanúnaí agus forbartha leanúnaí. Táthar ag tacú leis na scoileanna píolótacha ionas go n-éascófar cur chuige uile-scoile i leith an oideachais ionchuimsithigh.

Ceannairí Digiteacha: Gné eile den tionscnamh Ceannais ar an bhFoghlaim agus an Teagasc ná tacú le ceannairí digiteacha, agus chuige sin, cuireadh oiliúint ionduchtúcháin agus oiliúint ar Office 365 ar fáil. Tá na ceannairí digiteacha sa líonra céanna leis na ceannairí curaclaim agus na comhordaitheoirí riachtanas speisialta oideachais (SENCO). Tá tuilleadh tacaíochtaí agus líonraithe ar na bacáin.

An tSraith Shóisearach Nua: Tá scoileanna an údaráis ag glacadh páirt sa bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach Chnuas-Bhunaithe a sholáthraíonn Foireann na Sraithe Sóisearaí chun Tacú le cur i bhfeidhm Chreat na Sraithe Sóisearaí, agus bíonn na scoileanna á hóstáil sin freisin. Is dearfach an t-aiseolas atá faighte maidir leis na seisiúin. Tá tuilleadh seisiún pleanáilte le haghaidh rolladh amach na Sraithe Sóisearaí nua.

Béarla mar Theanga Bhreise (EAL): Éascaíodh trí cheardlann in Márta, Aibreán agus Bealtaine i gcomhair oibrithe bunscoile agus iarbhunscoile, agus oibrithe don óige a bhíonn ag obair le mic léinn a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu. Rinneadh iniúchadh sna ceardlanna ar conas scoil ionchuimsitheach a chruthú agus ar athbhreithniú agus tacaíocht maidir le forbairt scileanna teanga.  Ba iad Seirbhísí Oideachais Leanaí Aonair

Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, Ionad Oideachais Luimnigh, agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir a d'fhorbair an clár i gcomhar le chéile.

Tionscnamh Píolótach an Chomhaontais STEM: Is tionscadal úr nuálach é seo a síníodh sa Mheániarthar idir Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, agus na cnuasaigh tionscail réigiúnacha, Luimneach ar mhaithe leis an Innealtóireacht agus Luimneach ar mhaithe le TF.  Is é an cuspóir ná feasacht agus tuiscint a chur chun cinn i dtaca le tábhacht agus ábharthacht STEM sa saol laethúil agus feasacht a ardú ar na deiseanna gairme atá in aice láimhe do dhaoine. Is é fócas an tionscadail ná teagascóirí agus daoine óga a chumasú le iad féin a chur ar an eolas faoi scileanna STEM agus dul i dtaithí ar na scileanna sin i gcomhair an tsaoil.

Cuirfidh an Chomhpháirtíocht Tionscail & Oideachais STEM clár ar fáil le scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir sa réigiún, ina mbeidh deis ag oideoirí, mic léinn agus teaghlaigh a bheith rannpháirteach in eispéiris STEM agus iad féin a thumadh iontu, agus ina n-ardófar feasacht daoine ar thábhacht STEM agus na deiseanna gairme atá ann sa réimse sin. Chun an clár seo a chur i bhfeidhm, bunófar caidreamh le lucht gnó agus tionscail STEM, le scoileanna agus oideoirí, le hinstitiúidí breis- agus ardoideachais, agus leis an bpobal STEM i gcoitinne; ar an mbealach sin, cothófar cultúr comhoibrithe le haghaidh na foghlama gairmiúla san oideachas STEM.

Beidh an tionscadal píolótach nuálach seo san oideachas STEM, an chéad cheann dá leithéid in Éirinn, chun tosaigh ó thaobh samhail nó creat a fhorbairt, a bhféadfadh tionscnaimh agus fóraim ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta glacadh leis.

Foireann Tacaíochta do Mhic Léinn: Cruinnithe Tacaíochta agus Maoirseachta leis na foirne aonair tacaíochta do mhic léinn, arna n-éascú ag an Oifigeach Tacaíocht Síceolaíochta, agus obair réamhghníomhach ar siúl ag na foirne go leanúnach ó thaobh tacú le mic léinn i mbaol de. Bhuail comhordaitheoirí na foirne tacaíochta do mhic léinn le chéile faoi dhó (Aibreán agus Nollaig).

Comhdháil na bhFoirne Tacaíochta do Mhic Léinn: Reáchtáladh cruinniú Chomhordaitheoirí na bhFoirne Tacaíochta do Mhic Léinn ar an 29 Bealtaine i gCill Dalua, Co. an Chláir. Ba é téama na comhdhála ná 'Cúram a Dhéanamh dár nGairmeacha Túslíne', agus clúdaíodh topaicí amhail tráma tánaisteach agus ag tógáil taisce féinchúraim.

Meitheal Oibre Cumhdaigh: Tá baill sa mheitheal seo ó Scoileanna agus ón earnáil Breisoideachais agus Oiliúna araon. Tá sé fós ag tacú le cur i bhfeidhm Threoirlínte Tús Áite do Leanaí 2017 agus Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017 na Roinne Oideachais agus Scileanna. Mar chuid de sin, soláthraítear oiliúint do Dhaoine Idirchaidrimh Ainmnithe, tacaíocht agus treoir maidir le measúnuithe riosca, oiliúint agus tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta, mar aon le forbairt beartas agus acmhainní.

Clár Píolótach Folláine Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (JCT): Ghlac Coláiste Pobail Mhungairit agus dhá Ionad Oideachais Allamuigh i mBoirinn agus i gCill Fhíonáin páirt i gclár píolótach maidir le haonad gearr a fhorbairt san Oideachas Allamuigh chun tacú le Corpoideachas agus Folláine sa tSraith Shóisearach. Bhí na spriocanna seo a leanas aige: 1) dúshláin, éachtaí agus obair foirne a iniúchadh tríd an bhFoghlaim Allamuigh agus 2) folláine mac léinn a chur chun cinn, feasacht mac léinn faoin bhfolláine a ardú agus cabhrú leo, scileanna agus tuiscint a fhorbairt chun an fholláine a chothú ar feadh a saoil. Tá an clár píolótach seo le bheith ar fáil go ginearálta, agus tá sé i scoileanna eile anois.

Clár Píolótach Folláine d'Fhoirne: Ós eagraíocht é BOOLC atá dírithe ar dhaoine, is é príomhacmhainn an údaráis ná a bhaill foirne. Tá gaol díreach idir folláine fhoireann BOOLC agus folláine a phobail scoile. Chun aitheantas a thabhairt d'fholláine na foirne, táthar tar éis tabhairt faoi thionscnamh píolótach i roinnt mhaith dár scoileanna. Thug scoileanna eile faoin gclár i scoilbhliain 2018, agus anois tá sé cinn de scoileanna rannpháirteach ann. An tacaíocht a sholáthraítear, baineann sé le suirbhéanna a dhéanamh ar fhoirne, foireann a chur ar bun, acmhainní a roinnt agus tacú leis an scoil chun plean folláine foirne a fhorbairt.

Bunluachanna do Scoileanna Bord Oideachais agus Oiliúna: Tá Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann tar éis seisiúin chomhairliúcháin a éascú le gach ceann den 16 scoil BOO maidir le forbairt bunluachanna dár scoileanna. Cuireadh dhá sheisiún ar siúl le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i Meán Fómhair agus Samhain 2018. Beidh an comhairliúchán sin ina bhonn le forbairt bunluachanna don Earnáil Boird Oideachais agus Oiliúna.

Tuairiscí Cigireachta: Rinne Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna roinnt mhaith cigireachtaí ar ár scoileanna in 2018. Tá na tuairiscí seo a leanas i dtaca le 2018 foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

| Dáta | Scoil | Cigireacht |
|---|---|---|
| 10.10.18 | Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh | Meastóireacht Scoile Uile |
| 24.01.18 | Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an | An Eolaíocht |
| 3.05.18 | Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua | Eolaíocht agus Ceimic |
| 11.05.18 | Coláiste Pobail Thuamhain, Páirc Mhaoilis | Béarla |

Fáiltíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go mór leis an aiseolas agus an tacaíocht a sholáthraíonn an Fhoireann Cigirí.

# An Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna

Bunaíodh SOLAS faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, agus ba é a aidhm ná straitéis chomhtháite Breisoideachais agus Oiliúna, agus an straitéis sin le bheith curtha i bhfeidhm ag an 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna, a bhainistiú agus a chomhordú, agus tacú leo chuige sin. Is é an treoir straitéiseach atá leagtha amach i Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna SOLAS 2014-2019 agus i bPlean Corparáideach SOLAS 2017-2019 atá mar bhonn agus taca ag obair na Rannóige Breisoideachais agus Oiliúna i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Déantar an obair sin a fheidhmiú go háitiúil trí Chreat Straitéiseach 2015-2020 Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna an údaráis agus trí Ráiteas Straitéise 2017-2021 Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.





Sa chomhthéacs sin, agus Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna an údaráis ag obair go dlúth le réimse páirtithe, lena n-áirítear SOLAS, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí, agus Comhpháirtithe Fiontraíochta agus Pobail, déanann an Rannóg raon leathan clár a sholáthar (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha) in os cionn 300 suíomh i Luimneach agus sa Chlár. Oibríonn an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna go dlúth le Stiúrthóir na Scoileanna agus leis an Stiúrthóir Tacaíocht agus Forbartha Eagraíochta chun na ceithre spriocanna a chur i bhfeidhm de réir mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir.




Ba bhliain ghnóthach arís é 2018 don Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna, a chuireann réimse deiseanna foghlama ar fáil, ó Leibhéal 1 go dtí Leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ), agus díríodh ar fhorbairt bunscileanna agus sainscileanna araon, chomh maith le raon tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí chun ionchuimsiú gníomhach mhuintir Luimnigh agus an Chláir a éascú. Tá 26 Ionad Breisoideachais agus

Oiliúna laistigh de Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna an údaráis, mar aon le 33 ionad cláraithe Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI).




Le linn 2018, d'fhreastail an Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna ar 25,583 tairbhí, sholáthar siad 2,104 cúrsa in 300 suíomh pobail, nach mór, agus é sin uile ar bhuiséad €52.7 milliún. Is féidir an soláthar Breisoideachais agus Oiliúna in 2018 a achoimriú mar seo a leanas:

| 25,583 Tairbhí Breisoideachais agus Oiliúna in 2018 | |
|---|---|
| Soláthar Páirtaimseartha | |
| Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh | 2,988 |
| ESOL | 1419 |
| DTOAB | 157 |
| Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO) | 2805 |
| Scileanna don Obair | 283 |
| Oideachas Pobail | 4408 |
| Oiliúint Tráthnóna | 1404 |
| Uaireanta Comhair | 2146 |
| Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe | 225 |
| Ceardlanna um Cheartas | 30 |
| Clár Athlonnaithe Dídeanaithe | 22 |
| Féinmhaoinithe | 2857 |
| Soláthar Iomlán Páirtaimseartha | 18,744 |
| Soláthar Lánaimseartha | |
| Printíseachtaí | 1436 |
| Cúrsa Oiliúna | 312 |
| Oiliúint Nasc-chúrsaí agus Bonnchúrsaí | 27 |
| Ionad Oiliúna Pobail | 244 |
| Tionscnamh Oiliúna Áitiúil | 200 |
| Soláthar Iar-Ardteistiméireachta | 2575 |
| Oiliúint Sainscileanna | 643 |
| Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais | 871 |
| Ógtheagmháil | 531 |
| Soláthar Iomlán Páirtaimseartha | 6,839 |

| Réimsí Foghlama | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| - | Talmhaíocht, Gairneoireacht agus Muirshaothrú | 16 | - | Gruagaireacht, Scéimh, Teiripí Comhlántacha | 29 |
| - | Eolaíocht Ainmhithe | 10 | - | Sláinte, Teaghlach agus Seirbhísí Sóisialta eile | 168 |
| - | Ealaíona & Ceardaíocht | 24 | - | Teicneolaíocht Faisnéise | 11 |
| - | An Timpeallacht Thógtha | 15 | - | Bainistíocht | 4 |
| - | Gnó, Riarachán | 98 | - | Déantúsaíocht | 3 |
| - | TFC Bunaidh | 36 | - | Na Meáin Grafaic Cumarsáid | 21 |
| - | Pearsanta Bunaidh | 778 | - | Taighde agus Oideachas-Oiliúint | 4 |
| - | Innealtóireacht | 3 | - | Díolachán & Margaíocht | 15 |
| - | Innealtóireacht (TF) | 2 | - | Eolaíocht agus Teicneolaíocht | 2 |
| - | Innealtóireacht (Meicniúil) | 34 | - | Slándáil, Cosaint & Seirbhísí Éigeandála | 10 |
| - | Innealtóireacht (Iompar) | 13 | - | Sampláil Scileanna | 12 |
| - | Fiontraíocht | 2 | - | Spórt agus Fóillíocht | 18 |
| - | Seirbhísí Airgeadais | 8 | - | Turasóireacht | 10 |
| - | Bia agus Deoch | 22 | - | Iompar, Dáileachán & Lóistíocht | 28 |
| - | Foghlaim Ghinearálta | 701 | - | Forbairt & Dearadh Gréasáin | 7 |

Baineadh garsprioc shuntasach amach in 2018 maidir le hathchóiriú na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna (BOaO), i dtreo córas BOaO níos straitéisí comhtháite. Comhaontaíodh creat náisiúnta i gcomhair próiseas nua plé straitéisigh a bheadh mar bhonn agus taca ag forbairt Comhaontuithe trí bliana um Fheidhmíocht Straitéiseach le SOLAS. Sa chomhaontú nua idir SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna) agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, leagtar amach an comhthéacs agus na tosaíochtaí straitéiseacha, mar aon leis an gcion atá á dhéanamh ag an Údarás maidir le príomhspriocanna na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna a bhaint amach le linn na tréimhse 2018-2020. Cuirtear in iúl sa chomhaontú freisin tiomantas Bhord Oideachas agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i ndáil le tacú le réimse beartas agus straitéisí náisiúnta atá bainteach leis an soláthar Breisoideachais agus Oiliúna, agus sainaithítear ann na príomhrioscaí agus na príomhdhúshláin a gcaifí dul i ngleic leo agus iad a mhaolú le go mbeifí in ann an comhaontú seo a chur i gcrích go héifeachtúil. Tá an Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna ag dréim freisin le Ráiteas Straitéise Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir 2017-2021 a chur i bhfeidhm, ina gcuirtear treonna straitéiseacha ar fáil le haghaidh clár agus seirbhísí oideachais agus oiliúna i Luimneach agus an Clár.

Mar chuid dá phróiseas bliantúil pleanála agus tuairiscithe, cuireann an rannóg Breisoideachais agus Oiliúna Tuarascáil Bhliantúil chuimsitheach ar fáil, a chuirtear faoi bhráid SOLAS. Seo a leanas roinnt buaicphointí ó thuarascáil bhliantúil 2018:

Rannpháirtíocht sa bhFiontraíocht: Tá an Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna tiomanta a rannpháirtíocht le fostóirí a fheabhsú agus a uasmhéadú lena chinntiú go bhfuil soláthar ábhartha á dhéanamh aige chun tairbhe fhoghlaimeoirí na hearnála Breisoideachais agus Oiliúna, agus chun cur lena chumas, freastal ar riachtanais scileanna réigiún an Mheán-Iarthair. Tá réimse straitéisí forbartha leis an obair seo a chur ar aghaidh agus chun freastal ar riachtanais an gheilleagair, na bpobail agus daoine aonair. Sa bhliain 2018, d'eascair a lán tionscnamh as an gcur chuige straitéiseach sin, lena n-áirítear an Sárthaispeántas Luimneach ar Mhaithe leis an Innealtóireacht, ar fhreastail breis is 1,000 duine air i Márta.

Ionchuimsiú Gníomhach: Cuireadh an tSeirbhís Tacaíochta Iomchuimsithe Ghníomhaigh Breisoideachais agus Oiliúna (AISS) ar bun i Meitheamh 2018, agus é freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm réimse cleachtas, idirghabhálacha agus tacaíochtaí nua i gcomhair comhpháirtíochtaí, chun a chion a dhéanamh le deireadh a chur le fáinne fí an mhíbhuntáiste, a choisceann daoine áirithe barr a gcumais a bhaint amach, agus chun tiomantas eagraíochta leanúnach a chothú lenár gcleachtais agus beartais

ionchuimsitheacha a threisiú. Fiosraíonn AISS na saintacaíochtaí a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh fhoghlaimeoirí i ngrúpaí leochaileacha atá ag iarraidh tabhairt faoin mBreisoideachas agus Oiliúint, lena n-áirítear daoine faoi 25 bliain d'aois, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine faoi mhíchumas agus baill de phobail imirceacha.

Ceantair Ard-dífhostaíochta: D'ainneoin dul chun cinn dearfach don Mheán-Iarthar ar na mallaibh, is ann fós do cheantair ard-dífhostaíochta, agus ní mór dul i ngleic leis sin. Le linn 2018, bunaíodh an tSeirbhís Tacaíochta Iomchuimsithe Ghníomhaigh Breisoideachais agus Oiliúna, agus d'oibrigh siad sin leis an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht sa bhFiontraíocht i gcomhpháirt leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus grúpaí pobail áitiúla chun roinnt mhaith tionscadail sainchuspóra píolótacha a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le fadhb na gceantar ard-díofhostaíochta. Dearadh tionscadail phíolótacha chun cur chuige nuálach a sholáthar le déileáil leis an dífhostaíocht sna ceantair sin.

Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna: In 2018, rinne an Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna iarrachtaí suntasacha d'fhonn printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna nua a shainaithint, i gcomhréir lena thiomantas do na spriocanna náisiúnta atá cuimsithe sa chomhaontú straitéiseach le SOLAS. Táthar tar éis réimse cúrsaí oiliúna nua a fhorbairt, lena n-áirítear Cúrsa Oiliúna do Theicneoirí Struchtúr Aerárthach (arna fhorbairt i gcomhar le Lufthansa Technik), ar tháinig foghlaimeoirí nua isteach lena aghaidh i Márta agus Samhain 2018 i gCampas na Sionainne, agus an Dioplóma um Bia & Deoch, ar Cúrsa Oiliúna Gairme é, san Ionad Oideachais & Oiliúna Fáilteachais; tá éirithe go geal leis an gcúrsa sin, agus tá fostaíocht faighte ag 100% de na hoiliúnaithe.  Tá an Phrintíseacht Náisiúnta sa Ghruagaireacht Ghairmiúil (Leibhéal 6) nua á forbairt ag Grúpa Stiúrtha Cuibhreannais, ina bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir ina 'sholáthraí comhordaitheach'. Tá tacaíocht shuntasach faighte ag an gclár seo, agus tá gach ceann den 16 BOO geallta mar sholáthraithe comhoibrithe. Tá an clár seo i mbun forbartha ó bhí Márta 2018 ann, agus cuireadh faomhadh ar fáil le go bhféadfaí an clár forbartha Printíseachta Gruagaireachta a chur faoi bhráid QQI lena dhearbhú in Eanáir 2019. Cuireadh Sárthaispeántas Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna an Mheán-Iarthair ar siúl i Samhain 2018 i Luimneach. D'fhreastail os cionn 1,000 duine ar an imeacht, agus thacaigh scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir go láidir leis; éascaíodh iompar dóibh le go bhféadfaidís freastal ar an imeacht.

An tSeirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach: Is tosaíocht le haghaidh an tsoláthair Breisoideachais agus Oiliúna i gcoitinne é tacaíocht treorach ghairmiúil rúnda a chur ar fáil. Sa bhliain 2018, bhain an tSeirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach i gCo. an Chláir, Cathair Luimnigh agus Co. Luimnigh 4,585 tairbhí amach trí bhíthin cruinnithe aghaidh ar aghaidh agus cruinnithe grúpa, chomh maith le fiosruithe ginearálta ón bpobal. Sa bhliain 2018, leanadh de bhéim a chur ar an soláthar gairmthreorach agus faisnéise Breisoideachais agus Oiliúna a chomhtháthú, agus chuige sin, forbraíodh Moil Faisnéise agus idirchaidreamh le foirne Gairmthreorach in iar-bhunscoileanna, m.sh. an Comhaontas STEM. Lean an Grúpa Treorach Comhtháite BOaO dá chruinnithe gach ráithe, agus iad ag obair go dlúth le chéile chun comhchuspóirí agus comhthionscnaimh a shainaithint, agus san am céanna, chomhoibrigh siad le Fóram Scileanna Réigiúnach an Mheán-Iarthair, leis an tSeirbhís Tacaíochta um Rannpháirtíocht sa bhFiontraíocht BOaO agus le comhpháirtithe oideachais eile. Ba é an sprioc ná spásanna tiomnaithe inrochtana le haghaidh treorach a fhorbairt, agus díríodh aird air sin nuair a seoladh an mol treorach nua i gCampas Ascaill Uí Chonaill, Luimneach, ina bhfuil leas á bhaint as bothanna scáileáin tadhaill.

Sa bhliain 2018, rinneadh Athbhreithniú ar an Soláthar Oideachais Pobail d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar phleanáil agus solátharan Oideachais Pobail i gCathair Luimnigh agus ar na hacmhainní atá ann lena aghaidh, agus chun forbairt an oideachais pobail sin a threisiú amach anseo, agus tacú leis. Seoladh tuairisc agus cuireadh í faoi bhráid teagascóirí agus ionadaithe Oideachais Pobail i Nollaig 2018; díríodh airdar 15 mholadh sa tuairisc. Áiríodh leo sin doiciméad creata a fhorbairt ina riantar treo straitéiseach  an oideachais pobail, Meabhrán Tuisceana a chur i bhfeidhm le comhpháirtithe oideachais pobail, samhail pleanála agus feidhmithe bunaithe ar cheantair a chruthú, acmhainní a chur in oiriúint don ualach oibre

agus do thosaíochtaí, pleanáil agus torthaí fianaise-bhunaithe a threisiú, agus sainróil for-rochtana oideachais pobail a chruthú agus a rianú, agus acmhainní a chur ar fáil dóibh.

Luimneach agus an Clár - Réigiún Foghlama: Sa bhliain 2018, lean Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir de chathaoirleacht a dhéanamh ar Ghrúpa Stiúrtha Luimneach ag Foghlaim, grúpa comhpháirtíochta ilearnála atá tiomanta do Luimneach a chur chun cinn mar Réigiún Foghlama. Is ball é Luimneach ag Foghlaim de Líonra Domhanda Cathracha Foghlama UNESCO. Ceann de phríomhghníomhaíochtaí Luimneach ag Foghlaim ná an Fhéile Foghlama bhliantúil, a reáchtáladh i Márta 2018 don 8ú bliain as a chéile faoin téama 'Luimneach le Chéile ar Mhaithe le Foghlaim Chóir Ionchuimsitheach'. D'éirigh go hiontach leis an bhféile, a raibh breis is 250 imeacht ann lena linn, iad uile saor in aisce agus oscailte do gach duine. Eagraíodh seimineár Cathracha Foghlama Idirnáisiúnta i Márta 2018, agus bhí aoichainteoirí i láthair ann ó chathracha foghlama comhpháirtíochta, lenar áiríodh Corcaigh, Béal Feirste agus Briostó.

Infheistíocht in Áiseanna: Leanadh de na hiarrachtaí athbhrandála in 2018, agus rinneadh infheistíochtaí suntasacha in áiseanna Breisoideachais agus Oiliúna ar fud Luimnigh agus an Chláir, a chuir go mór leis na hiarrachtaí sin. Sa bhliain 2018, rinneadh infheistíochtaí móra i bhfeabhsúcháin ar na háiseanna BOaO uile, chun go mbeadh spásanna foghlama BOaO den scoth ann, a bheadh oiriúnach do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí araon. Is moil do phobail iad campais traschláir BOaO freisin, agus cuirtear deiseanna luachmhara ar fáil iontu d'fhoirne agus d'fhoghlaimeoirí chun eispéiris agus dea-chleachtas a roinnt.

Dearbhú Cáilíochta:  Sa bhliain 2018, bhí forbairtí tábhachtacha ann, ar an leibhéal rialachais agus ar an leibhéal oibriúcháin. Mar thoradh orthu sin, rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaca leis an bPlean Feabhsaithe Cáilíochta 2018, a comhaontaíodh idir QQI agus an Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna. Rinneadh na struchtúir rialachais um Dearbhú Cáilíochta a athbhreithniú agus a nuashonrú freisin de réir chreat rialachais na hearnála, agus bunaíodh ollionad City & Guilds, a bhfuil struchtúr soláthraí aonair ag baint leis, mar aon le rialachas arna fhaomh ag City & Guilds.

Forbairt Ghairmiúil: Ba bhliain shuntasach é 2018 ó thaobh forbairt ghairmiúil de, mar thoradh ar chruthú Phlean Gníomhaíochta na hEarnála Breisoideachais agus Oiliúna um Fhorbairt Ghairmiúil 2019-2021. Ba é an tOifigeach Pleanála agus Measúnaithe BOaO a d'éascaigh an próiseas pleanála gníomhaíochtaí, agus d'oibrigh an tOifigeach le Grúpa Pleanála BOaO, a raibh 18 cleachtóir foghlama air (bainisteoirí, pearsanra treorach, agus foireann riaracháin agus choimhdeach) ó sholáthar BOaO lánaimseartha agus páirtaimseartha. Sa bhliain 2018, eagraíodh 97 imeacht forbartha gairmiúla ar fud na hEarnála BOaO, ar fhreastail 1,541 foireann orthu. Is ionann na himeachtaí sin agus imeachtaí struchtúrtha forbartha gairmiúla a eagraíodh go lárnach nó a maoiníodh tríd an mbuiséad forbartha gairmiúla. De réir mar a ghluaiseann na forbairtí i dtreo Earnáil Breisoideachais agus Oiliúna chomhtháite, is tosaíocht i gcónaí iad imeachtaí um líonrú agus roinnt cleachtas.

Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL): Díríodh le linn na bliana ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta TEL, arna stiúradh ag an bhFoireann Feidhmithe TEL agus a foghrúpaí. D'oibrigh Foghrúpa 1 ar ghníomhaithe a bhí dírithe ar acmhainneacht dhigiteach Foirne agus Foghlaimeoirí, agus leag Foghrúpa 2 béim ar an nuáil agus ar an gcomhoibriú. Anuas ar na cláir spriocdhírithe sin, soláthraíodh réimse cuimsitheach Ceardlann forbartha gairmiúla TEL i raon leathan ábhar amhail Moodle, SharePoint, uirlisí TEL le haghaidh teagaisc agus foghlama, Cláir Bhána Idirghníomhacha, Office 365 agus Teams, aimsiú acmhainní ar líne go sábháilte, ríomhphunanna, agus Suaitheantais Dhigiteacha don Fhoghlaim. Leanadh de shuaitheantais a bhronnadh ar bhaill foirne a rinne Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, agus tá suaitheantais curtha ar fáil anois le haghaidh 45 clár, líon atá ag síormhéadú.

Comhoibriú le hInstitiúidí Eile: Tagraíonn comhoibriú le hinstitiúidí eile do sheirbhísí teagaisc a sholáthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir do raon eagraíochtaí oideachais, oiliúna agus seirbhísí sóisialta. Tar éis próiseas iarratais, leithdháileann an Roinn Oideachais agus Scileanna uaireanta teagaisc ar raon eagraíochtaí agus tionscadal. Le linn 2018, d'fhreastail an Rannóg Breisoideachais agus Oiliúna ar 2,146 tairbhí tríd an gcomhoibriú. I measc na n-eagraíochtaí, bhí Ionaid

Oiliúna agus Ceardlanna Pobail, Aonad Oideachais Phríosún Luimnigh agus Scoil Cheoil Luimnigh. Soláthraíodh uaireanta comhoibrithe in 2017 tríd an Oifig BOaO i gcomhpháirtíocht le réimse grupaí, lena n-áirítear: Scoil Chaitríona Nic Amhlaidh, Seirbhísí Sóisialta Luimnigh, Céim ar Chéim, agus Coiscéim, Tionscadail Óige éagsúla, lena n-áirítear Seirbhís Óige Luimnigh, Maoin Cheoil, Seirbhís an Chláir d'Imircigh, agus Scoil Speisialta Naomh Anna in Inis.

Comhpháirtíocht: De bhreis ar an gcomhar foirmiúil atá ann trí sheirbhísí teagaisc a sholáthar, ceann de thosaíochtaí straitéiseacha Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus Chláir is ea oibriú i gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara i Luimneach agus sa Chlár. Le linn 2018, iarradh ar an Earnáil Oideachais agus Oiliúna a bheith mar chathaoirleach ar an

Meitheal nuabhunaithe um Ionchuimsiú Digiteach mar chuid de Straitéis Dhigiteach Luimnigh 2017-2020. Is é cuspóir na meithle ná a chinntiú go mbainfear amach na spriocanna maidir le hionchuimsiú digiteach i bplean Chomhairle Luimnigh, An Chéad Chathair Dhigiteach in Éirinn - Treochlár Luimnigh Chliste. Rinne an mheitheal comhaontú i dtaca le Téarmaí Tagartha in 2018, agus beidh siad ag dréim le heochair-ghníomhaíochtaí idirghníomhaireachta a chur i bhfeidhm in 2019.

## An Fheidhm um Obair don Ógra

Is faoi choimirce Stiúrthóir na Scoileanna atá forbairt Seirbhísí Oibre don Óige i mBord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Tá achoimre san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, ina bhfuil sainmhíniú ar obair don óige mar atá leagtha amach san Acht um Obair don Aos Óg 2001, ar phríomhról na hearnála reachtúla maidir le tacú le forbairt clár agus seirbhísí oibre don aos óg agus maidir le comhordú níos fearr le seirbhísí eile do dhaoine óga a chur chun cinn. Is é feidhm reachtúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, mar atá leagtha amach san Acht, ná 'tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin'. Tá sé mar fhís ag *Creat Beartais na hÉireann do Leanaí & Daoine Óga 2014-2020 – Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* "go mbeadh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr le fás aníos agus le clann a thógáil inti, agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a gcluintear a nguth agus mar a dtacaítear leo le barr a gcumais a bhaint amach anois agus sa todhchaí."

De réir Alt 44 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, bhunaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir Coiste Oibre don Óige, a dhéanfaidh moltaí don údarás maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoi Alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna.

*(j) Tacú le soláthar, comhordú, riar agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí oibre don aos óg ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an tacaíocht sin*

*(k)Measúnú a dhéanamh le féachaint an bhfuil an modh ina gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.*

Tá an Clr Ciarán O'Hanlon ina chathaoirleach ar an gCoiste um Obair don Óige, agus tá ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas air:

- Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir x 3 Ionadaí
- Seirbhís don Óige Luimnigh
- Seirbhís don Óige an Chláir
- Banóglaigh na hÉireann (ball neamhvótála)
- Foróige (Bainisteoir Cheantar an Deiscirt) (ball neamhvótála)
- Gasóga na hÉireann
- An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA)
- Comhairle Cathrach agus Chontae Luimnigh
- Rannán Gharda Síochána an Chláir
- Comhairle na nÓg an Chláir x 2 bhall (vóta ag duine acu)
- Comhairle na nÓg Luimnigh x 2 bhall (vóta ag duine acu)
- Fóram Óige Chathair Iomlán Luimnigh

Agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna reachtúla maidir le hobair don óige, oibríonn Foireann Oifigeach Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i gcomhpháirtíocht le raon gníomhaireachtaí tábhachtacha, idir dheonach agus reachtúil, a bhfuil ról acu i soláthar seirbhísí do dhaoine óga sa réigiún.

Buaicphointí 2018:

Sheol Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir an chéad **Phlean Oibre don Óige** ar an 31 Bealtaine 2018. Is le linn na tréimhse 2018-2021 atá an Plean le cur i bhfeidhm, agus treoróidh sé obair Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir i dtaca lena fheidhmeanna Oibre don Óige.

Sna seachtainí deireanacha den bhliain 2018, ainmníodh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir mar cheann amháin de thrí Bhord Oideachais agus Oiliúna a roghnaíodh chun Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánaí a reáchtáil ar bhonn píolótach. Is é aidhm an tionscnaimh seo de chuid Éireann Ildánaí na beocht a chur faoin mbuntogra go mbíonn cruthaitheacht an duine agus an phobail spreagtha ag an rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht chultúrtha, agus go dtéann sin i bhfeidhm go suntasach ar fholláine agus éachtaí an duine agus na sochaí dá réir.

D'éirigh le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir maoiniú a fháil sa bhliain 2018 ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoin Scéim Mhaoinithe Spriocdhírithe don Óige (TYFS) le haghaidh dhá thionscnamh sa réigiún. Mar thoradh ar an maoiniú nua, bhíothas in ann tionscadal pobalbhunaithe a chur ar bun i gceantar Gharraí Eoin i gCathair Luimnigh, a bheidh á oibriú ag Seirbhís don Óige Luimnigh i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus comhpháirtithe eile. Tá snáithe méadaithe maoinithe an TYFS tar éis tacú le Tionscadal don Óige Chromadh, atá á stiúradh ag Foróige, chun na tacaíochtaí atá ann do dhaoine óga sa cheantar sin a comhdhlúthú agus a mhéadú.

Aithnítear in Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 gurb iad eagraíochtaí deonacha go príomha a chuireann obair don óige ar fáil ar mhaithe le daoine óga. I bhfómhar 2018, sheol Údarás Rialála na gCarthanas a Chód Rialachais na gCarthanas, ina ndéantar cur síos ar na córais agus na struchtúir nach mór a bheith i bhfeidhm le dea-rialachas a dhearbhú in eagraíochtaí a bhfuil stádas carthanais acu. Maítear sa chód "gurb é atá i gceist leis an dea-rialachas córais agus próisis a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbaineann do charthanas a chuspóirí carthanais amach ar bhonn ionraic agus go mbainistítear é ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach, cuntasach agus trédhearcach". Ghlacfadh gach eagraíocht charthanais chreidiúnach leis an méid sin, ach beidh impleachtaí ó thaobh acmhainní de ag cur i bhfeidhm an chóid ar na heagraíochtaí sin, agus ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir maidir leis an obair tacaíochta a dhéanann sé dóibh.

Sa bhliain 2018, chuir an Scéim Cistithe Caipitil, arna riar ag Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, tuairim is €200,000 ar fáil do 15 eagraíocht oibre don óige d'fhonn mionoibreacha bonneagair a chur i bhfeidhm, uasghrádú a dhéanamh i dtaca le sláinte agus sábháilteacht, nó trealamh riachtanach a fháil amhail crua-earraí TFC.

Mar thoradh ar sheoladh na Straitéise Náisiúnta LGBTI+ don Óige, cuireadh roinnt deiseanna maoinithe ar fáil trí Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun tacú le heagraíochtaí oibre don óige atá ag iarradh dul i bhfeidhm go dearfach ar shaol daoine óige LGBTI+.

Chun scileanna na mball foirne a oibríonn le daoine óga agus chun soláthar dea-chleachtas agus oibre níos fearr a éascú, le linn na bliana 2018, d'éascaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir cur i bhfeidhm na dtionscnamh seo a leanas:

- Oiliúint Tacaíochta agus Maoirseachta a chur ar fáil d'fhoireann agus bainisteoirí na dtionscadal i gCathair Luimnigh atá maoinithe tríd an gCiste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga (YPFSF);
- Oiliúint d'fhoireann tionscadail i dtaca le Ráitis Chosanta Leanaí agus Tuairisciú Éigeantach, agus an oiliúint sin á cur ar fáil ag Comhairle Náisiúnta na nÓg (NYC);

- Oiliúint ar Uirlisí Tomhais agus Mhaoirseachta, arna bhforbairt ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, le haghaidh baill foirne atá gafa le tionscadail Nua agus Mhéadaithe, agus iad lonnaithe i limistéir riaracháin Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus

  Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir. Chuir Oifigigh Óige ón dá Bhord Oideachais agus Oiliúna an oiliúint sin ar fáil i gcomhar le chéile;

- Oiliúint d'oibrithe óige ar fud an réigiúin ar an Tionscadal Féiniúlacht na hÓige – sraith straitéisí a d'fhorbair Seirbhís Óige an Chláir a úsáidtear chun tacú le mná óga agus iad ag iarraidh iniúchadh a dhéanamh ar choincheap na féiniúlachta agus conas a mhúnlaítear í.

Ar fud réigiún Luimnigh agus an Chláir, bhí thart ar 1,306 oibrí deonach ag obair i níos mó ná 100 cumann agus grúpa le linn 2018, agus iad ag cur deiseanna luachmhara oibre don óige ar fáil do níos mó ná 6,000 duine óg. Soláthraíonn an Scéim Deontais do Chlubanna Óige tacaíocht le haghaidh na gclubanna seo a bhíonn á dtreorú ag oibrithe deonacha, agus bhí Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir thar a bheith sásta a bheith in ann an scéim seo a riar thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Forbairtí ag teacht chun cinn:

Dearbhaíodh in 2018 gurb iad an 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna ar fud na tíre a dhéanfaidh an maoiniú uile a chuireann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar fáil le haghaidh obair don óige a riar ó thús 2020 i leith. Is tionscadal suntasach a bheidh ann do na Boird Oideachais agus Oiliúna agus don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige in 2019, a chinntiú gur próiseas éasca leanúnach a bheidh sa phróiseas seo.

Chomh maith leis an maoiniú spriocdhírithe uile a chomhdhlúthú in aon snáithe amháin, beidh gá le cinntiú go gcuirfear nósanna imeachta nua i bhfeidhm maidir le tomhas agus tuairisciú. Is tasc suntasach a bheidh sa tionscadal sin do Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus dár gcomheagraíochtaí oibre don óige.

Sa bhliain 2018, rinne Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir iarratas le go gcuirfí san áireamh iad le haghaidh Tionscnamh um Infhostaíocht Daoine Óga – tionscnamh a ceapadh chun tacú leis na daoine óga is mó atá deighilte ón margadh fostaíochta. Is tasc suntasach a bheidh ann, ach le linn dó seo a bheith á scríobh, ní raibh aon chinneadh curtha in iúl fós maidir le hiarratais ar éirigh leo.

Faoi dheireadh 2018, bhí an chosúlacht ar an scéal go mbeadh Scéim Cistithe Caipitil eile ar fáil in 2019. Táthar ag súil go mór go mbeifear tar éis foghlaim ó na heispéiris a bhí ann roimhe seo, agus pé próiseas a mbainfear leas as chun é seo a chur i bhfeidhm, go mbeidh sé pras tráthúil, agus go gcuirfidh sé ar chumas na n-eagraíochtaí a rinne iarratas, an luach is fearr agus na caighdeáin is airde a chinntiú.

An teacht aniar a bhaineann leis na deiseanna liostáilte, d'fhéadfadh sé athrú dearfach a dhéanamh i saol daoine óga i gceantar Luimnigh agus an Chláir. Ós rud é gur sraith meánleibhéil rialachais atá ann, beidh acmhainní leordhóthanacha ag teastáil ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir chun go mbeidh siad in ann lántairbhe a bhaint as an teacht aniar sin.

# AGUISÍN 1

# SOLÁTHAR AGUS SEIRBHÍSÍ

Iar-Bhunscoileanna

Coláistí Pobail

Coláiste Chaladh an Treoigh, Caladh an Treoigh, Luimneach
Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh
Coláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh
Coláiste Iósaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Coláiste Mhuire, Eas Géitine, Co. Luimnigh
Coláiste na Trócaire, Ráth Caola, Co. Luimnigh
Coláiste Dheasumhan, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir
Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. An Chláir
Gaelcholáiste Luimnigh, Meall Sior Anraí, Luimneach
Coláiste Collchoille, Drom Collachair, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na Scairbhe, An Scairbh, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Áine, Cill Dalua, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Chill Michíl, Cill Michíl, Co. an Chláir
Coláiste Pobail Thuamhain, Páirc Mhaoilis, Luimneach

**Scoileanna Pobail**[1]

Pobalscoil Eoin Baiste, An tOspidéal, Co. Luimnigh
Pobalscoil Chill Rois, Cill Rois, Co. an Chláir
Scoil Phobail Naomh Caimín, Sionainn, Co. an Chláir
Scoil Chuimsitheach Naomh Pádraig, Sionainn, Co. an Chláir

Coláiste Breisoideachais

Coláiste Breisoideachais Luimnigh (Suíomh for-rochtana i gColáiste na Ceapaí Móire)

Ionaid Oideachais Allamuigh

Ionad Oideachais Allamuigh na Boirne, Co. an Chláir
Ionad Oideachais Allamuigh Chill Fhionáin, Co. Luimnigh

Obair don Ógra

Oifigeach Óige, Cathair Luimnigh
Oifigeach Óige, Co. Luimnigh
Oifigeach Óige, Co. an Chláir

Soláthar Oideachais Ceoil

Scoil Cheoil Luimnigh
Music Generation Chathair Luimnigh
Music Generation an Chláir
Maoin Cheoil an Chláir[2]

[1] Faoi chomhphátrúnacht an údaráis
[2] Arna mhaoiniú trí Chomhoibriú le hInstitiúidí Eile

Soláthar Seirbhísí Oiliúna

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Campas an Ráithín, Páirc Ghnó an Ráithín, Luimneach
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas na Shionainne, Eastát Tionsclaíochta na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir
Ionad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais, Páirc LEDP, Baile an Róistigh, Luimneach

Soláthar Lánaimseartha

IAT – Iar-Ardteistiméireacht

Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail na hInse, Inis, Co. an Chláir
Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - An tIonad Glas (Coláiste Orgánach), Drom Collachair, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Coláiste Pobail Naomh Iósaf, Cill Chaoi, Co. an Chláir

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - An tIonad Glas (Coláiste Orgánach), Drom Collachair, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna- Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Cathair Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chill Rois, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas na Scairbhe, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Sheanghualann, Co. Luimnigh

Soláthar Oideachais agus Oiliúna Athdheise don Óige

Ógtheagmháil

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna- Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhóthar Chill Mocheallóg, Cathair Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chill Rois, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas an Ospidéil, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Shráid na Cathrach, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Sheanghualann, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhaile Átha an Ghabhann, Sionainn, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Thuaim Gréine, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chrois Theach na Foraire, Cathair Luimnigh

Ionaid Oiliúna Pobail

Cathair Luimnigh - faoi choimirce Sheirbhís Óige Luimnigh
Inis - faoi choimirce Sheirbhís Óige an Chláir

Soláthar Páirtaimseartha

Litearthacht, An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, Oideachas Pobail, Scileanna don Obair

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Mhainistir na Féile, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna- Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bhaile Chill Mocheallóg, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chill Rois, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas an Chaisleáin Nua, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas na Scairbhe, Co. an Chláir
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Lár Bhaile na Sionainne, Brú na Sionna, Co. an Chláir

Comhoibriú le hInstitiúidí Eile[3]

Scoil Chaitríona Nic Amhlaidh
Céim ar Chéim
Ionad Tacaíochta Inimirceach an Chláir
Coiscéim
Cura (Tacaíocht do Thuismitheoirí agus do Dhéagóirí, Ionad Seirbhísí Sóisialta Luimnigh)
Mol Foghlama Luimnigh
An tIonad do Dhaoine Dífhostaithe
Aonad Oideachais Phríosún Luimnigh
Scoil Cheoil Luimnigh
Seirbhís Óige Luimnigh
Maoin Cheoil an Chláir
Scoil Speisialta Naomh Anna
Scoil Speisialta Naomh Cainnigh (Cnoc Naomh Uinseann)

Seirbhísí Sóisialta

Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann
An Cumann Scléaróise Iolraí
Ionad Pobail na mBodhar
Deaf Hear
Le Chéile, Cumann Meabhairshláinte Luimnigh
Cúram Rehab
Ionad Cúram Lae Belfield
An Cumann Alzheimer
5B Ospidéal Ollscoile Luimnigh
Bráithre na Carthanachta
Ionad Lae Inis Cara

Óige an Phobail faoi Mhíbhuntáiste

Tionscadal Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, Baile Uí Neachtain
Foireann Pobail um Mí-Úsáid Substaintí
Tionscadal Forbartha Pobail Gharraí Eoin
Tionscadal Forbartha Pobail Chathair Luimnigh
Comhpháirtíocht Spóirt Chathair Luimnigh
Ionad Óige Mhuire Lourdes
Ionad Cheantar an Chnoic Theas
Tionscnamh Óige an Deiscirt
Scoil 3 a Chlog Chill Liaile

An tSeirbhís Tacaíochta Faisnéise, Earcaíochta agus Treorach (IRGSS)

IRGSS Chathair agus Chontae Luimnigh, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Ascaill Uí Chonaill, Cathair Luimnigh
IRGSS Chontae an Chláir, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir

Seirbhísí Tacaíochta Forbartha Breisoideachais agus Oiliúna

An tSeirbhís Tacaíochta um Dhearbhú Cáilíochta, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Chluain Ráda, Inis, Co. an Chláir
Seirbhís Tacaíochta Taighde agus Forbartha, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bóthar Chill Mocheallóg, Luimneach
Seirbhís Tacaíochta Taighde agus Forbartha, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bóthar Chill Mocheallóg, Luimneach
Seirbhís Tacaíochta Taighde agus Forbartha, Ionad Breisoideachais agus Oiliúna - Campas Bóthar Chill Mocheallóg, Luimneach

[3] Eolas bunaithe ar 2017/18